

AN SCÉIM CHÚITIMH I LEITH DÍOBHÁLACHA PEARSANTA A RINNEADH GO COIRIÚIL – ARNA LEASÚ AMHAIL ÓN 1 AIBREÁN, 1986

Tá an Fhoirm Iarratais ar fáil i ndiaidh na Nótáí Treorach

I gcás go mbeidh aon deacracht agat leis an bhfoirm seo a chomhlánú, déan teagmháil leis an mBinse ar ghuthán (01) 4768670 nó ag Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague, BÁC 2, D02 FT96 chun cúnamh a fháil.

Cúlra na Scéime

Ag an túis, is tábhachtach a lua gur dréachtaíodh an Scéim chun go mbeadh sí intuigthe ag duine ar bheagán eolais dhlíthiúil nó gan aon eolas dá leithéid, agus chun go mbeadh duine dá leithéid, ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann féin, in ann iarratas a dhéanamh chuig an mBinse gan aon ghá le cúnamh dlíthiúil. Maidir leis sin, de réir na Scéime bíonn dualgas ar an mBinse gan aon rud a dhéanamh a d'fhéadfadh cineál neamhfhoirmiúil na Scéime a athrú.

Bunaíodh an Binse an 8 Bealtaine 1974 chun an Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta a Rinneadh go Coiriúil a riadarbh. Rinneadh an Scéim féin a shiardhátú go dtí an 1 Deireadh Fómhair, 1972. Mar sin, ón 1 Deireadh Fómhair, 1972, bhí daoine ar bhain díobháil dóibh mar gheall ar choir foréigin laistigh de dhlínse Stát na hÉireann in ann leas a bhaint as na réitigh dá bhforáiltear faoin Scéim. D'eascair an gá le Scéim dá leithéid as an bhfíric nach mbíonn cistí leordhóthanacha ag déantóirí coireanna, de ghnáth, chun leibhéal na ndamáistí a dhámfad faoin círteanna faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 a íoc. Go héifeachtúil, ní raibh aon réiteach dlíthiúil ar fáil d'íospartaigh coireanna dá ndíobhálacha.

Faoi Scéim, glacann an Stát áit an chiontóra ó thaobh cíuteamh a thabhairt don íospartach de. Ní ghlacann an Stát le dliteanas as an gcion inar bhain an díobháil don íospartach, áfach.

An Binse

Ar an mBinse tá an Cathaoirleach agus seisear gnáth-chomhaltaí a cheapann an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Caithfidh gach comhalta a bheith ina abhcóide cleachtach nó ina aturnae cleachtach. Cuireann an Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhinse a seirbhísí ar fáil don Bhinse ar bhonn páirtaimseartha. Cuidíonn foireann bheag riaracháin atá suite in Oifigí an Bhinse ag Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague, BÁC 2, D02 FT96, leis an mBinse.

Próiseáлann foireann an Bhinse iarratas chuig an mBinse ar dtús. Bíonn foireann an Bhinse freagrach as fiosrúcháin a dhéanamh faoi imthosca an teagmhais atá ina ábhar den iarratas agus as a chinntíú go mbíonn éilimh faoin Scéim tacaithe ag cáipéisí ábhartha.

Nuir a bheidh na fiosrúcháin uile críochnaithe, cuirfear an t-iarratas faoi bhráid comhalta amháin den Bhinse le cinneadh a fháil. I gcás go mbeidh an t-iarrthóir sásta le cinneadh an Bhinse síneoidh sé/sí foirm ghlaicta agus íocfar an dámhachtain in am is i dtráth. Mura mbeidh iarrthóir sásta le cinneadh an comhalta aonair féadfaidh sé/sí achomharc i gcoinne an chinnte sin a thaisceadh. Déantar achomhairc os comhair an Bhinse trí mheán éisteachta ó bhéal os comhair triúr comhaltaí den

Bhinse, gan chomhalta an Bhinse a rinne an cinneadh tosaigh san áireamh. Is é cinneadh an achomhairc an réiteach deiridh ar fáil d'iarrthóir faoin Scéim.

Iarratas chuig an mBinse

Chun cuidiú leis an mBinse d'iarratas a phróiseáil, léigh na nótaí seo go cúramach agus déan do dhícheall gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt. I gcás go mbeidh deacracht agat le haon ghné den fhoirm iarratais, déan teaghmáil le Foireann an Bhinse ar ghuthán (01) 4768670 nó ag Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague, BÁC 2, D02 FT96, le cúnamh a fháil.

Incháilitheacht

Chun bheith incháilithe do chuíteamh faoin Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta a Rinneadh go Coiriúil caithfidh na díobhálacha a bhain don iarrthóir a bheith

- (a) Mar thoradh ar theagmhas laistigh de Stát na hÉireann nó ar bord loinge nó aerárthaigh Éireannaigh ar an 1 Deireadh Fómhair, 1972 nó ina dhiaidh.
- (b) inchurtha go díreach i leith coire foréigin, nó
- (c) inchurtha go díreach i leith teagmhais ina raibh an t-iarrthóir ag cuidiú le coir a chosc nó saol duine a shábháil.

Nuair a Bheidh an Fhoirm Iarratais á Comhlánú – Bí cinnte go bhfreagróidh tú na Ranna uile

Dréachtaíodh an fhoirm iarratais chun go mbeadh sé éasca le tuiscint. Tabharfaidh an t-ábhar seo a leanas eolas níos doimhne duit ar an Scéim agus ar conas a bheartaítear í a fheidhmiú. Mar sin féin, má tá aon rud nach dtuigeann tú nó má tá deacracht agat maidir le haon cheann de na cáipéisí a éilítear a fháil, déan teaghmáil le Foireann an Bhinse ar ghuthán (01) 4768670 nó ag Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague, BÁC 2, D02 FT96, le cúnamh a fháil.

Féadfaidh tú na pointí seo a leanas a bhreithniú nuair a bheidh an fhoirm iarratais á comhlánú agat.

- Roinn 2. (d) Déan cinnte cóip de do ráiteas leis na Gardaí a cheangal leis an bhfoirm.
- (f) I gcás go mbeidh aga níos faide ná trí mhí idir dáta an teaghmhais agus an dáta ar a gcuirfear an Binse ar an eolas faoin iarratas, déan cinnte go luafaidh tú an chúis leis an moill sin sa spás a chuirtear ar fáil dó sin. Faoi théarmaí Airteagal 21 den Scéim, tá teorainn ama trí mhí ó dháta na díobhála go dtí dáta an iarratais. Mar sin féin, tá sé de rogha ag comhalta an Bhinse an teorainn ama a leathnú “*in imthosca a chinnfidh an Binse gur fiú cóir eisceachtuil a thabhairt dóibh*”

- Roinn 3 De réir Airteagal 23 den Scéim caithfidh iarrthóir a bheith in ann a léiriú go raibh teagmhas ina ábhar d'imeachtaí coiriúla nó gur tuairiscíodh do na Gardaí é gan mhoill agus go raibh an t-iarrthóir sásta comhoibriú leis na Gardaí agus iad ag imscrúdú an teagmhais. I gcás gur bhain díobháil thromchúiseach don iarrthóir agus nach raibh sé nó sí in ann tuairisc a thabhairt do na Gardaí, beidh sé riachtanach a léiriú go “*ndearna an t-éilitheoir gach iarracht réasúnta, nó go ndearnadh gach iarracht réasúnta thar a cheann, an Garda Síochána a chur ar an eolas*”.
- Roinn 5 I gcás go mbeidh iarrthóir téarnaithe go hiomlán óna d(h)íobhálacha agus go mbeidh sé/sí tar éis filleadh ar an obair, ba chóir dó/di deimhniú fostóra a fháil, i gcás gur fostáí é/í nó i gcás gur duine féinhostaithe é/í ba chóir dó/di litir a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim, de réir mar a thuairiscítear ag míreanna 5(b) agus (c). Úsáidfear na cáipéisí seo chun caillteanas tuillimh a chinneadh. I gcás iarrthóra féinhostaithe, féadfaidh sé a bheith riachtanach don Bhinse ráiteas a fháil ó Chuntasóir an iarrthóra freisin chun caillteanas tuillimh a bhunú.
- Ba chóir d'iarrthóir ráiteas óna (h)Oifig Leasa Áitiúil a chur isteach ar a leagfar amach an dáta ar a thosaigh an sochar, an méid a íocadh gach seachtain agus an dáta ar a chríochnaigh an sochar.
- Déanfar caillteanas tuillimh a ríomh bunaithe ar ghlantuilleamh, i.e. Olltuilleamh lúide Cáin Ioncaim íocha agus ranníocaíochtaí Á.S.P.C. Ansin déanfar sochair Leasa Shóisialaigh a bhaint de de réir fhorálacha Airteagal 15 den Scéim.
- I gcás iarrthóra ar bhain díobháil thromchúiseach dó/di agus nach bhfuil téarnaithe go hiomlán óna d(h)íobhálacha fós, beidh sé riachtanach fanacht le prognóis chríochnaitheach ó lia cóireála an iarrthóra sula bhféadfar an t-iarratas a thabhairt chun críche.
- I gcás nach mbeidh iarrthóir, i dtuairim a lia cóireála, in ann filleadh ar aon chineál oibre sa todhchaí, beidh sé riachtanach caillteanas tuillimh amach anseo a ríomh bunaithe ar chuntas Achtúireach.
- Roinn 6 Déan cinnte, le do thoil, go gcuirfear admhálacha isteach i ndáil le gach mír a ndéanfar éileamh ina leith.

Tuairisc an Gharda Síochána

Bíonn sé de dhualgas ar an mBínse tuairisc a iarraidh ó na Gardaí i ndáil le gach iarratas.

Tá tuairisc an Gharda Síochána ábhartha don Bhinse:

- a. Chun a dheimhniú cibé ar bhain nó nár bhain díobhálacha pearsanta don iarrthóir mar gheall ar choir foreigin.
- b. Cibé ar chuir nó nár chuir iompar an iarrthóra leis an teagmhas a raibh a díobhálacha/a díobhálacha mar thoradh air.
- c. Cibé an bhfuil nó nach bhfuil meon an iarrthóra de chineál a chiallódh go mbeadh sé míchuí cúiteamh a dhámhachtain, agus
- d. Cibé ar chomhoibrigh nó nár chomhoibrigh sé/sí leis na Gardaí i ndáil le himscrúdú na coire.

Airteagail 13 agus 14 den Scéim

Nuair a bheidh iarratas á bhreithniú ag comhalta an Bhinse, léifidh sé nó sí Tuairisc an Gharda Síochána, agus ansinní mórdó di forálacha Airteagal 13 agus 14 den Scéim a bhreithniú mar a bhaineann siad leis an iarratas.

Luann Airteagail 13 agus 14 den Scéim;

13. Ní bheidh aon chuíteamh iníoctha más deimhin leis an mBinse go raibh an t-íospartach freagrach as an gcion a bhí ina chúis lena dhíobhálacha, mar gheall ar bhriogaireacht nó ar aon slí eile, agus féadfaidh an Binse méid dámhachtana a laghdú i gcás ina raibh an t-íospartach freagrach go páirteach as an gcion, i dtuairim an Bhinse.
14. Ní bheidh aon chuíteamh iníoctha más deimhin leis an mBinse go gciallaíonn iompar an íospartaigh, a mheon nó a mhodh maireachtála nach cuí go ndámhfar dámhachtain air agus féadfaidh an Binse méid dámhachtana a laghdú i gcás gur cuí é sin a dhéanamh, i dtuairim an Bhinse, ag féachaint d'iompar, do mheon nó do mhodh maireachtála an íospartaigh.

FOIRM IARRATAIS (DÍOBHÁIL NEAMH-MHARFACH)

Uimh. Thag. NF/....., D'Úsáid Oifigiúil

AN BINSE CÚITIMH I LEITH DÍOBHÁLACHA COIRIÚLA

**Urlár 2, Cúirt Montague, 7-11 Sráid Montague,
BÁC 2, DO2 FT96. GUTHÁN: (01) 4768670**

Úsáid dúch dubh agus BLOCLITREACHA nuair a bheidh an fhoirm seo á comhlánú agat

Déan na ranna **uile** a fhreagairt, le do thoil. I gcás go mbeidh aon deacracht agat, déan teagmháil le ball d'Fhoireann an Bhinse ar an uimhir ghutháin thuasluaite le cúnamh a fháil.

1. MIONSONRAÍ AN IARRTHÓRA

- (a) Sloonne Uasal/Bean/Iníon/Ms
- (b) Céadainmneacha
- (c) Dáta & Áit Bhreithe
- (d) Neamhphósta/Pósta/Baintreach/Baintreach Fir (scrios de réir mar is cuí)
- (e) Seoladh

.....Uimh. Teagmhála Ghutháin

- (f) Gairm Bheatha

2. IMTHOSCA INAR THARLA AN DÍOBHÁIL

- (a) Dáta an Teaghais / /20
- (b) Suíomh an teaghais
- (c) Ainm an chiontóra/Ainmneacha na gciontóirí, má tá an t-eolas ar fáil
.....
- (d) **Déan cóip de do ráiteas leis na Gardaí a cheangal leis an bhfoirm seo.**

(e) Má theastaíonn uait cur leis an tuairisc a thugtar i do ráiteas leis na Gardaí, cuir an t-eolas breise ar fáil sa spás thíos, le do thoil.

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

(f) I gcás go mbeidh aga níos mó ná trí mhí idir dáta an teagmhais agus cur isteach an iarratais, tabhair cúiseanna leis an moill sin, le do thoil, de réir mar a éilítear faoi Airteagal 21 den Scéim

.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....
.....

3. TUAIRISC DON GHARDA SÍOCHÁNA AGUS IMEACHTAÍ COIRIÚLA

- (a) Dáta ar a tuairiscíodh an teagmhas do na Gardaí
- (b) Cé a thuairiscigh é
- (c) Ainm stáisiún an Gharda Síochána agus an Oifigigh imscrúdaithe má tá an t-eolas sin ar fáil.
-
- (d) I gcás gur tharla imeachtaí coiriúla, luaigh anseo é má fuair tú cúiteamh ón gciontóir.
-
-
-

4. MIONSONRAÍ NA DÍOBHÁLA PEARSANTA

- (a) Luaigh cineál na díobhála a bhain duit.
-
- (b) Más cuí, luaigh ainm agus seoladh an ospidéil/na n-ospidéal agus an Dochtaír a thug cóireáil duit (má tá an t-eolas sin ar fáil).
-
-
-
- (c) Luaigh cé chomh fada agus a raibh cóireáil á fáil agat:

Cóireáil Othair Chónaithigh ó go
Cóireáil Othair Sheachtraigh ó go

- (d) I gcás go ndeachaigh tú i gcomhairle le do Dhochtaír féin i ndáil le do dhíobháil, tabhair ainm agus seoladh ionlán an dochtúra sin
-
-

- (e) I gcás go bhfuair tú cóireáil ó aon ospidéil nó dochtaír le 5 bliana anuas seachas na hospidéil/dochtúirí luaithe ag (b) agus (c), tabhair ainm agus seoladh an ospidéil nó an dochtúra i gceist.

(f) I gcás go bhfuair tú cóireáil fiaclóireachta mar thoradh ar an teagmhas, luaigh ainm agus seoladh iomlán d'fhiaclóra

(g) I gcás nach bhfuil tú go hiomlán téarnaithe i láthair na huaire, déan cur síos ar do shiomptóim

(h) I gcás go bhfuil tú ag fáil cóireála fós, luaigh ainm agus seoladh do lia cóireála

(i) An bhfuil aon sainghné de na díobhálacha ar bhrefé leat í a lua?

(j) Luaigh an tréimhse a raibh tú as láthair ón obair lena linn mar thoradh ar an teagmhas. Ó..... go.....

(k) I gcás go bhfuil tú as láthair ón obair fós, luaigh cén uair is dóichí go n-atosóidh tú ag an obair

5. MIONSONRAÍ AON TUILLIMH CHAILLTE

(a) Luaigh d'Uimhir P.S.P.

(b) I gcás gur chaill tú tuilleamh mar thoradh ar an teagmhas agus gur duine féinhostaithe thú, déan litir ó na Coimisinéirí Ioncaim a cheangal leis an bhfoirm seo a léiríonn do ghlantuilleamh le linn na tréimhse trí bliana roimh an díobháil.

(c) I gcás gur chaill tú tuilleamh mar thoradh ar an teagmhas agus gur duine fostaithe thú, déan deimhniú ó d'fhostóirí a cheangal leis seo a chuireann na mionsonraí seo a leanas ar fáil:

An dáta ar a thosaigh tú ag obair leis an bhfostóir sin. An cail ina bhfostaítar thú, an tréimhse a raibh tú as láthair lena linn mar thoradh ar an díobháil, Olltuilleamh seachtainiúil, Cáin Ioncaim íoctha, ranníocaíochtaí ÁSPC déanta, i gcás go bhfuil Scéim pá breoiteachta i bhfeidhm, luaigh méid an airgid a fuair tú ón bhfoinse sin.

Luaigh cén socrú atá ann, más ann, laistigh den scéim pá breoiteachta i ndáil le híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.

(d) I gcás go bhfuil tú i dteideal sochair a fháil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, faigh ráiteas ó d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil a léiríonn an tréimhse a bhfuair tú sochar lena linn, an méid a fuarthas gach seachtain agus an dáta ar a chríochnaigh an sochar.

I gcás go mbeidh aon deacracht agat leis an méid thusas, déan teagmháil leis an mBinse ar an uimhir ghutháin thuasluaite agus iarrfaidh an Binse an fhaisnéis atá ag teastáil ó na Comhlachtaí i gceist thar do cheann.

(e) Mura bhfuil tú i dteideal Sochair Bhreoiteachta, abair cén fáth nach bhfuil

.....
.....

(f) I gcás go raibh tú difhostaithe tráth an teagmhais, luaigh seoladh d’Oifice Leasa Áitiúil

.....

(g) Má tá cárta míochaine agat, luaigh anseo é, le do thoil

.....

6. COSTAIS

(a) mionsonraí aon chostas taistil mar thoradh ar dhíobháil.

Cúis le taisteal breise
Modh iompair (gluaisteán féin/iompar poiblí)
Lín na dturas a rinneadh
Lín na gciliméadar i gceist le gach turas
I gcás go raibh tú ag taisteal chun freastal ar chomhairliúcháin Leighis, luaigh ainm agus seoladh an lia
.....

(b) costais eile, mar seo a leanas:

Dochtúir/ospidéal.....

Cógas

Spéaclaí

Fiaclóireacht

Ilghnéitheach.....

Déan admhálacha ábhartha a iniaimh chun tacú leis na costais thuasluaite.

TABHAIR FAOI DEARA: **NÍ ÍOCFAIDH AN BINSE AS IONADAÍOCHT DHLÍTHIÚIL – AIRTEAGAL 27 DEN SCÉIM**

7. AON ÁBHAIR BHREISE

- (a) Luagh anseo é má tionscnaíodh imeachtaí sibhialta, má tá imeachtaí dá leithéid ar feitheamh nó má táthar ag déanamh machnaimh ar imeachtaí dá leithéid a thionscnamh

(b) Má tá aon ábhair bhreise ar bhrefá leat iad a thabhairt ar aird an Bhinse, úsáid an spás thíos, le do thoil.

8. DEIMHNIÚ ÚDARÁIS

Déan an Deimhniú Údaráis seo a leanas a chomhlánú, le do thoil. I gcás go bhfuil tú ag déanamh iarratais thar ceann duine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó thar ceann duine nach bhfuil ar a c(h)umas síniú, ba chóir duit síniú sa spás a chuirtear ar fáil dó sin.

Chuig: An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

- (a) Tá na ráitis i Ranna 1 – 8 fior ar feadh m' eolais agus mo thuisceana. Tuigim go gcaithfidh mé an Binse a chur ar an eolas faoi aon athrú ar mo imthosca agus go bhféadfadh aon athrú dá leithéid dul i bhfeidhm ar chinneadh an Bhinse faoi mo theidlíocht chun measúnú ar mo chúiteamh a fháil.
- (b) Glacaim leis go bhféadfadh aon neamhréireacht a aithneofar i mo ghnóthaí Cánach mo theidlíocht chun cúitimh a laghdú nó a chealú.
- (c) Glacaim leis má chuirim faisnéis fhalsa ar fáil chun méid an chúitimh iníoctha a mhéadú, féadfaidh an Binse méid aon dámhachtana a dhámhfuar orm a laghdú nó diúltú go hiomlán do m'iarratas.
- (d) Glacaim leis go bhféadfaidh an Binse mionsonraí pearsanta i ndáil le m'iarratas a choinneáil mar thaifead ar ríomhaire agus mar thaifead i bhfoirm cóipe crua. Tuigim nach n-úsáidfear an fhaisnéis seo ar aon bhealach seachas do na cúiseanna aitheanta ag uimhreacha (1) go (8) thíos. Ní féidir aon mhionsonraí pearsanta a chuirfidh mé ar fáil i ndáil le m'iarratas chuig an mBinse a scaoileadh go triú páirtí gan toiliú scríofa a fháil uaim roimh ré. Mar sin féin, féadfar an fhaisnéis seo a úsáid chun staidreamh a ghiniúint i ndáil le tuairiscí riarracháin agus Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse.
- (e) Aontaím gach cúnamh réasúnta a thabhairt don Bhinse, go háirithe i ndáil le haon tuairisc mhíochaine a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu.
- (f) Glacaim leis go mbreithneoidh an Binse forálacha Airteagail 13 agus 14 den Scéim nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh acu faoi m'iarratas, agus go bhféadfadh sin mo theidlíocht chun cúitimh a laghdú nó a chealú.
- (g) Aontaím glacadh le haon teorainneacha ama réasúnta a iarrfaidh an Binse i ndáil le freagairt do chomhfhreagras nó i ndáil le hachomharc a thaisceadh i gcoinne cinnte comhalta amháin den Bhinse agus i gcás go dtaiscfeartachomharc, aontaím an chúis leis a lua.
- (h) Glacaim leis nach ráthaíocht é go ndámhfar dámhachtain i mo chás má íocfaidh an Binse as aon tuairiscí, míochaine nó airgeadais, roimh chinneadh a dhéanfaidh Comhalta amháin den Bhinse nó cinneadh a dhéanfar ag éisteacht achomhairc a mbeidh triúr comhaltaí ann. Glacaim leis freisin go mbeidh sé de cheart ag an mBinse iarratas a dhéanamh ar aisghabháil aon chostas dá leithéid i gcás nach ndámhfar aon dámhachtain de dhroim m'iarratais.

(i) Údaraím:

Don Dochtúir (do na Dochtúirí) agus don Ospidéal (do na hOspidéil) ar fhreastail mé orthu mar gheall ar na díobhálacha a bhain dom tuairisc faoi mo dhíobhálacha agus mo chóireáil a chur faoi bhráid an Bhinse ar iarraidh sin dóibh.

- (1) Do na Gardaí gach faisnéis a sholáthar don Bhinse a bhaineann le m'íarratas, lena n-áirítear mionsonraí aon ráitis a thug mé dóibh agus liosta aon chionta a fhéadfaidh a bheith taifeadta i mo choinne agus mionsonraí aon chásanna i mo choinne atá gan éisteacht.
- (2) Do na Ranna Poiblí a bhfaighim (a bhfuair mé) Sochair Leasa Shóisiallaigh uathu agus do na hÚdaráis Sláinte a bhfaighim (a bhfuair mé) seirbhísí sláinte saor in aisce uathu faisnéis a bhaineann le m'íarratas a sholáthar don Bhinse
- (3) Do na Coimisinéirí Ioncaim, ráiteas maidir le mo ghnóthaí Cánach a sholáthar don Bhinse.
- (4) Do m'fhostóir(i), ráiteas faoi mo thuilleamh agus faoi ábhair eile a bhaineann le m'íarratas a sholáthar don Bhinse.
- (5) D'aon Aonad Oiliúna nó Athshlánaithe ar fhreastail mé air aon fhaisnéis a bhaineann le m'íarratas a sholáthar don Bhinse.
- (6) Do mo Sholáthraí Árachais Sláinte gach faisnéis a bhaineann le m'íarratas a sholáthar don Bhinse.
- (7) Do mo Chuntasóir aon fhaisnéis a iarrfaidh an Binse i ndáil le mo chailteanas tuillimh a sholáthar don Bhinse.
- (8) Tuigim go bhféadfaidh an Binse na hÚdaráis thusluaithe agus na Comhlachtaí Cúitimh Stáit eile, lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, a chur ar an eolas gur chuir mé iarratas faoi bhráid an Bhinse, agus go bhféadfaidh siad iad a chur ar an eolas faoina gcinneadh.

1. Síniú an Iarrthóra:

Dáta:

2. I gcás go bhfuil an t-iarrthóir faoi bhun 18 mbliana d'aois, ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra dhlíthiúil

Ainm:

Seoladh:.....

3. Síniú duine ag déanamh iarratais thar ceann duine nach bhfuil ar a c(h)umas síniú agus caidreamh an duine sin leis an iarrthóir.

Síniú:

Caidreamh leis an iarrthóir: